CAIBIDIL 1

# Éire 1916-23

**Príomhthoradh Foghlama:**
2.4 fiosrú a dhéanamh (i) ar theacht chun cinn an náisiúnachais agus an Aontachais in Éirinn agus (ii) ar a dtionchar in Éirinn, lena n-áirítear na príomheachtraí idir 1911 agus 1923.

**Torthaí Foghlama Ábhartha Eile:** 1.1, 1.2, 1.3, 2.9, 2.10, 2.11

## Éirí Amach 1916

### Réamhcheacht

1. Cén t-eolas atá agat ar Éirí Amach na Cásca 1916? Scríobh liosta de na fíricí, ainmneacha, foirgnimh, staitisticí agus aon eolas eile atá agat air.
2. Mínigh an difríocht idir an náisiúnachas bunreachtúil agus náisiúnachas na láimhe láidre (náisiúnachas an fhórsa fhisiciúil).
3. Cén grúpa a bunaíodh in Ulaidh chun aontachtaithe a chosaint sa chás go dtabharfaí rialtas dúchais isteach?
4. Ainmnigh an grúpa a bhunaigh Eoin Mac Néill, agus náisiúnaithe eile, mar fhreagra air sin.
5. Cén tír a bhí sásta gunnaí a chur ar fáil don ghrúpa i gceist 4?
6. Cén eachtra mhór i stair an domhain a thosaigh in 1914?
7. Céard atá ar eolas agat faoi scríbhneoireacht Phádraig Mhic Phiarais?

### Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

| | | |
|---|---|---|
| comhairle | an Chomhairle Mhíleata | doiciméad an Chaisleáin |
| bréagach | mairtíreach/mairtírigh | bainisteoir |
| mana | faoi rún | cinneadh |
| léachtóir | ceird | cuntasóir |
| iarshaighdiúir | cumann | bunaitheoir |
| deacracht | ceardchumann | Domhnach na Cásca |

## Cúlra


Bhí sé mar phlean i gcónaí ag Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, éirí amach a eagrú nuair a bhí an Bhreatain gafa le cogadh. Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda, tháinig an rogha sin chun cinn arís. ‘Deacracht na Breataine, deis na hÉireann’ an mana a bhí acu. Tháinig

seisear ó Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann le chéile chun an Chomhairle Mhíleata a bhunú. An aidhm a bhí acu ná éirí amach a eagrú roimh dheireadh an chogaidh. Chuaigh an phleanáil ar aghaidh faoi rún, ach rinne an seisear cinneadh go bhfaighidís cabhair ó Shéamus Ó Conghaile freisin, mar bhí eagla orthu go dtosódh seisean agus Arm Cathartha na hÉireann a réabhlóid féin.

## Cérbh iad seachtar na Cásca?



**Pádraig Mac Piarais: bhunaigh sé an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, Scoil Éanna, i mBaile Átha Cliath agus ba scríbhneoir é a raibh baint mhór aige le Conradh na Gaeilge.**



**Thomas Clarke: ba sheanFhínín é Clarke a raibh siopa aige i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Chaith sé 15 bliana sa phríosún mar thoradh ar an ról a bhí aige i bhfeachtas dínimíte an BPÉ.**



**Thomas MacDonagh: ba léachtóir é i Roinn an Bhéarla sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath.**



**Seán Mac Diarmada: ba bhall de na hÓglaigh é, agus iar-bhainisteoir ar nuachtán an BPÉ 'Irish Freedom'.**



**Éamonn Ceannt: ba chuntasóir é, agus bhí baint mhór aige le Conradh na Gaeilge.**



**Joseph Mary Plunkett: ba chara le Thomas MacDonagh é. Tháinig sé ó cheann de na teaghlaigh Chaitliceacha ba shaibhre in Éirinn.**



**Séamus Ó Conghaile: iar-shaighdiúir in Arm na Breataine a raibh ról mór aige sna ceardchumainn. Duine de bhunaitheoirí Pháirtí an Lucht Oibre ab ea é. Bhí sé ar dhuine de na daoine a bhunaigh Arm Cathartha na hÉireann in 1913 chun oibrithe Bhaile Átha Cliath a chosaint.**

### Foclóir

**Arm Cathartha na hÉireann:** *Irish Citizen Army*
**Conradh na Gaeilge:** *the Gaelic League*
**seanFhínín:** *an old Fenian*
**Déardaoin Mandála, Déardaoin Beannaithe:** *Holy Thursday*
**feachtas dínimíte:** *dynamite campaign*
**Páirtí an Lucht Oibre:** *the Labour Party*

## Éirí Amach a eagrú

**Foclóir**

ceannasaíocht na heagraíochta: *the leadership of the organisation*
bob a bhualadh ar: *play a trick on*
íobairt fola: *blood sacrifice*
ar son an chine daonna: *for the sake of humanity*

Mar gur eagraíocht rúnda é BPÉ, ní raibh saighdiúirí acu, ach chonaic siad go raibh thart ar 12,000 fear, faoi stiúir Eoin Mhic Néill, in Óglaigh na hÉireann. Chun saighdiúirí a fháil, mar sin, chinn BPÉ go rachaidís isteach sna hÓglaigh faoi rún. Faoi thús na bliana 1916, d'éirigh leo dul isteach i gceannasaíocht na heagraíochta sin.

Dúirt Mac Piarais le Mac Néill nach rabh aon éirí amach pleanáilte ag BPÉ, rud nach raibh fíor in aon chor, ach bhuail Mac Piarais bob ar Mhac Néill chun é a mhealladh chun páirt a ghlacadh ann. Thaispeáin sé doiciméad bréagach do Mhac Néill, a bhí réitithe ag Plunkett, ar a tugadh Doiciméad an Chaisleáin. Dúradh ann go raibh sé i gceist ag rialtas na Breataine ceannairí na nÓglach a ghabháil agus a ngunnaí a thógáil uathu.

**An bhfuil a fhios agat?**

Cúpla mí roimh an Éirí Amach, scríobh an Piarsach alt, ina ndearna sé cur síos ar bhás na mílte saighdiúir ar an Mór-Roinn sa Chéad Chogadh Domhanda: 'It is good for the world that such things should be done. The old heart of the earth needed to be warmed with the red wine of the battlefield. (…) We must be ready to pour out the same red wine in the same glorious sacrifice for without shedding of blood there is no redemption!' 'Íobairt fola' a thugtar ar smaointeoireacht den chineál sin, téama a bhí coitianta i bhfilíocht na Gearmáinise ag an am freisin. Creideann roinnt staraithe gur eagraíodh an tÉirí Amach um Cháisc chun comparáid a dhéanamh idir bás Chríost ar son an chine daonna agus bás na réabhlóidithe ar son na hÉireann.

### Teip i ndán ón tús?

Tharla dhá rud sna laethanta díreach roimh thús an Éirí Amach, a d'fhág gur theip ar an bplean sular thosaigh an t-éirí amach fiú:

- **Fógra Mhic Néill:** Déardaoin Mandála, fuair Eoin Mac Néill amach gur doiciméad bréagach a bhí i nDoiciméad an Chaisleáin. Satharn na Cásca, tar éis dó dhá lá a chaitheamh ag machnamh, d'eagraigh sé fógra sa 'Sunday Independent' ag iarraidh ar na hÓglaigh gan páirt a ghlacadh san éirí amach Domhnach na Cásca. Dá bhrí sin, ní raibh mórán saighdiúirí ar fáil do Chomhairle Mhíleata BPÉ.
- **Teip Casement:** Sheol an Chomhairle Mhíleata Roger Casement go dtí an Ghearmáin chun gunnaí agus armlóin a fháil. Aoine an Chéasta, agus é ar a bhealach ar ais leis na gunnaí, tháinig fórsaí na Breataine ar Casement, amach ó chósta Chiarraí. Scrios an captaen an long, an Aud, agus chuaigh 20,000 gunna go tóin poill.

## An tÉirí Amach féin

Bhailigh slua beag le chéile ag Ard-Oifig an Phoist agus léigh Mac Piarais amach Forógra na Poblachta (a bhí sínithe ag an seachtar ón gComhairle Mhíleata), inar fógraíodh saoirse na hÉireann. D'éirigh leis na baill seilbh a fháil ar roinnt áiteanna sa chathair, m.sh. Muilte Uí Bheoláin, monarcha brioscaí Jacob agus Faiche Stiabhna. Theip orthu Caisleán Átha Cliath nó Coláiste na Tríonóide a fháil. Ba í an Chuntaois Markievicz an bhean a raibh an ról ba thábhachtaí san Éirí Amach aici – bhí sí ina leas-cheannasaí ar na fórsaí i bhFaiche Stiabhna.

**Foclóir**

Déardaoin Mandála, Déardaoin Beannaithe, Déardaoin Mhór: *Holy Thursday*
Aoine an Chéasta: *Good Friday*
chuaigh siad go tóin poill: *they sank*
i ndán do x: *in store for x*
Forógra na Poblachta: *Proclamation of the Republic*
… inar fógraíodh: *… in which was declared*
d'éirigh leo seilbh a fháil ar X: *they took over X*
Muilte Uí Bheoláin: *Boland's Mills*
Faiche Stiabhna: *St. Stephen's Green*
cuntaois: *countess*
leascheannasaí: *second-in-command*
d'aon ghnó: *on purpose*



Lár chathair Bhaile Átha Cliath tar éis an Éirí Amach. Is féidir Nelson's Pillar a fheiceáil ann.

Fágadh lár na cathrach ina pháirc chatha mar thoradh ar fhreagra Arm na Breataine ar an éirí amach. Rinne an 'Helga', long chogaidh fhórsaí na Breataine, buamáil ar Ard-Oifig an Phoist ó abhainn na Life. Maraíodh cúpla céad sibhialtach (gnáthdhaoine) dá bharr.

Faoi Aoine na seachtaine sin, bhí ar lucht na réabhlóide Ard-Oifig an Phoist a fhágáil mar bhí baol ann go dtitfeadh sí anuas orthu. Ar an Satharn, ghéill an Piarsach do William Lowe, ceannaire fhórsaí na Breataine. Bhí Elizabeth O'Farrell ó Chumann na mBan in éineacht leis.

### An bhfuil a fhios agat?



**Sheas Elizabeth O'Farrell siar d'aon ghnó nuair a glacadh an pictiúr seo ionas nach mbeadh a haghaidh le feiceáil ar eagla go mbéarfaí uirthi. Féach ar a cosa anseo, taobh thiar den Phiarsach. I leaganacha eile den phictiúr, rinneadh aerscuabadh ar an bpictiúr ionas nach mbeadh a cosa le feiceáil in aon chor!**

### Foclóir

- **scuad lámhaigh:** ***firing squad***
- **Cill Mhaighneann:** ***Kilmainham***
- **eitinn:** ***tuberculosis***
- **radacú:** ***radicalisation***
- **comrádaí/comrádaithe:** ***comrade(s)***
- **toghadh é (aimsir chaite, briathar saor, togh):** ***he was elected***
- **an Clár Thoir:** ***East Clare***
- **rinneadh aerscuabadh ar an bpictiúr:** ***the picture was airbrushed***
- **chun é a lámhach, a scaoileadh, a chaitheamh:** ***to shoot him***

## Torthaí an Éirí Amach

**Formhór na gCeannairí curtha chun báis:** Cuireadh 16 fear chun báis, an seachtar a shínigh Forógra na Poblachta ina measc. Níor cuireadh an Chuntaois Markievicz chun báis toisc gur bhean í.

**Athrú ar mheon an phobail:** Cé nach raibh tacaíocht an phobail ag na ceannairí in aon chor nuair a gabhadh iad, tháinig athrú ar mheon an phobail nuair a cuireadh chun báis iad. Rinneadh mairtírigh díobh, go háirithe nuair a cuireadh Séamus Ó Conghaile chun báis. Gortaíodh é i rith an Éirí Amach, agus ní raibh sé in ann seasamh os comhair an scuaid lámhaigh; ceanglaíodh le cathaoir é chun é a lámhach. Bhí Joseph Mary Plunkett ag fáil bháis le heitinn nuair a ghlac sé páirt san éirí amach. Cé go raibh sé ag fáil bháis ar aon nós, maraíodh é os comhair scuad lámhaigh tar éis dó pósadh an oíche roimhe sa séipéal i bpríosún Chill Mhaighneann.

**Teacht chun cinn Shinn Féin:** Chuir rialtas na Breataine an milleán ar ghrúpa beag – Sinn Féin – nach raibh aon bhaint acu le heagrú na réabhlóide in aon chor. Nuair a d'athraigh meon na ndaoine i leith an éirí amach, thosaigh siad ag tacú le Sinn Féin, toisc gur cheap siad go raibh baint acu leis an éirí amach. Thosaigh cuid mhaith den phobal ag féachaint ar Pháirtí an Rialtais Dúchais mar ghrúpa a bhí ró-sheanfhaiseanta. Bhí níos mó ná rialtas dúchais ag teastáil ó an-chuid daoine anois, b'fhearr leo poblacht.

**Radacú na nÓg:** Cuireadh cuid mhaith de na gnáthfhir a bhí páirteach san éirí amach go príosúin i Sasana agus go campa géibhinn sa Bhreatain Bheag. Thug sin deis dóibh aithne níos fearr a chur ar a chéile agus pleanáil a dhéanamh don chéad éirí amach eile. Fuair campa géibhinn sa Bhreatain Bheag, Frongoch, an leasainm 'ollscoil na réabhlóidithe' mar thoradh air sin.



De Valera á ghabháil, 1916.

**Teacht chun cinn de Valera:** Sheas de Valera amach mar cheannaire a raibh formhór a chomrádaithe marbh. D'éirigh leis éalú ón bpríosún agus toghadh é mar bhall parlaiminte don Chlár Thoir tar éis do Willie Redmond (Páirtí an Rialtais Dúchais, dearthár le John Redmond) bás a fháil sa Chéad Chogadh Domhanda in 1917.

## Ón Éirí Amach go dtí an Chéad Dáil

Faoin am a scaoileadh iad siúd, a ghlac páirt san éirí amach, saor ó champa géibhinn Frongoch um Nollaig 1916, bhí siad réidh atheagar a chur ar BPÉ. Bhí fear óg ó Chorcaigh, Micheál Ó Coileáin, i measc na ndaoine sin.

## An Taoide ag Casadh – teacht chun cinn Shinn Féin

Milleán as an Éirí Amach → Manaí cliste → Ceannaire nua → Ról ní b'fheiceálaí ag na mná → Glúin nua vótóirí

Bhí teachtaí Pháirtí an Rialtais Dúchais ag dul in aois agus ceapadh go raibh ré an rialtais dúchais caite faoin am sin. D'úsáid Sinn Féin manaí cliste sna feachtais toghchánaíochta – mar shampla 'Put Him In To Get Him Out' i Longfort Theas – toisc go raibh an t-iarrthóir a bhí acu fós i bpríosún. Bhí an bua ag Sinn Féin in 6 cinn de na 9 bhfothoghchán a tharla in Éirinn in 1917 agus 1918. Ní dheachaigh teachtaí Shinn Féin go teach parlaiminte Westminster áfach, d'fhan siad in Éirinn. Ceapadh ceannaire nua ar Shinn Féin – Éamon de Valera – mar gheall ar an ról a bhí aige san Éirí Amach. D'éirigh le Caitlín Bean Uí Chléirigh (bean chéile Thomas Clarke) agus Jennie Wyse Power comhionannas a fháil do mhná sa pháirtí, rud a chuir go mór le ról na mban i Sinn Féin.




In Aibreán 1918, d'fhógair Príomh-Aire na Breataine, David Lloyd George, go gcuirfí coinscríobh (seirbhís mhíleata éigeantach) i bhfeidhm in Éirinn. Bhí ní ba mhó trúpaí ag teastáil ón mBreatain don Chéad Chogadh Domhanda. Chuir a lán grúpaí éagsúla ina choinne, Sinn Féin san áireamh. Chonaic Sinn Féin go raibh deis acu a bheith i mbéal an phobail trí sheasamh i gcoinne an choinscríofa. D'eagraigh SF sraith léirsithe agus gheall siad cur i gcoinne an choinscríofa le lámh láidir dá mba ghá. Níor chuir Lloyd George an polasaí i bhfeidhm. Bhí an chuma ar an scéal go raibh an bua faighte ag Sinn Féin ach thit iarrachtaí míleata na Gearmáine as a chéile ar an bhFronta Thiar agus ní raibh na saighdiúirí ag teastáil a thuilleadh.

Nuair a tháinig deireadh leis an gCéad Chogadh Domhanda i mí na Samhna 1918, d'fhógair Príomh-Aire na Breataine go mbeadh olltoghchán ann roimh dheireadh na bliana. Ba é sin an chéad uair a bhí olltoghchán sa Bhreatain agus in Éirinn ó 1910. Chiallaigh sé sin go raibh glúin nua vótóirí in Éirinn nach raibh taithí acu ar vóta a chaitheamh ar son Pháirtí an Rialtais Dúchais. Ó 1918, bhí cead ag mná os cionn 30 bliain d'aois, vótáil in olltoghchán den chéad uair. Sheas beirt bhan do Shinn Féin – an Chuntaois Markievicz agus Winifred Carney – agus d'éirigh le Markievicz suíochán a fháil. Ba í Markievicz an chéad

### Foclóir

**Teachta/Teachtaí:** ***Member(s) of Parliament***
**feachtais toghchánaíochta:** ***electoral campaigns***
**Longfort Theas:** ***South Longford***
**fothoghchán:** ***by-election***
**comhionannas:** ***equality***
**ról na mban:** ***the role of women***
**glúin:** ***generation***
**an t-iarrthóir:** ***the candidate***
**olltoghchán:** ***general election***
**coinscríobh:** ***conscription***
**ina choinne:** ***against it***
**i mbéal an phobail:** ***to be talked about***
**sraith léirsithe:** ***a series of protests***
**gheall siad:** ***they promised***
**bhí an chuma ar an scéal:** ***it appeared***

bhean riamh a toghadh go parlaimint Westminster ach níor ghlac sí lena suíochán ann. Seo a leanas torthaí an olltoghcháin in Éirinn. Ba léir go raibh níos mó ná rialtas dúchais ag teastáil ó fhormhór náisiúnaithe na hÉireann. Bheartaigh Sinn Féin a bparlaimint féin a bhunú in Éirinn in áit dul go Westminster. Bhunaigh siad Dáil Éireann.

| Páirtí | Líon na suíochán roimh an toghchán | Líon na suíochán tar éis an toghcháin |
|---|---|---|
| Sinn Féin | 6 | 73 |
| Aontachtaithe | 17 | 22 |
| Páirtí an Rialtais Dúchais | 67 | 6 |
| An Lucht Oibre Aontachtach | 0 | 3 |
| Aontachtaí Neamhspleách (Coláiste Na Tríonóide) | 0 | 1 |

## An Chéad Dáil

Bhuail teachtaí na chéad Dála le chéile ar an 21 Eanáir 1919 i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Rinneadh formhór d'obair na chéad Dála as Gaeilge. Tógadh rolla agus bhí 29 ball i láthair. Bhí go leor de bhaill na chéad Dála as láthair, áfach. Bhí siad i bpríosún nó ar mhisin rúnda. Deirtear sa taifead go raibh Mícheál Ó Coileáin agus Harry Boland 'i láthair' mar shampla, cé go raibh siad ar mhisean rúnda ag iarraidh Éamon de Valera a scaoileadh saor ó phríosún i Sasana.



**Na teachtaí a bhí in ann freastal ar an gcéad Dáil lasmuigh de Theach an Ardmhéara, an 21 Eanáir 1919. Bhí Markievicz i bpríosúin ag an am.**

**Foclóir**

**Teach an Ardmhéara:** *Mansion House*
**sa taifead:** *on the record*
**an bunreacht:** *the constitution*
**clár daonlathais:** *democratic programme*
**Comhdháil Síochána Pháras:** *Paris Peace Conference*
**roinn/ranna rialtais:** *government department(s)*
**aire/airí:** *minister(s)*
**ceapadh (aimsir chaite, braithar saor, ceap):** *was appointed*
**toscaire/toscairí, ionadaí tofa a théann chuig comhdhálacha:** *delegate(s)*
**aire gnóthaí baile:** *minister for home affairs*
**aire gnóthaí eachtracha:** *minister for foreign affairs*
**aire saothair:** *minister for labour*
**aire tionscail:** *minister for industries*
**aire trádála agus tráchtála:** *minister for trade and commerce*
**cuireadh cosc ar an Dáil:** *the Dáil was banned*

Chuir teachtaí na chéad Dála bunreacht le chéile, d'fhógair siad neamhspleáchas na hÉireann agus d'fhógair siad clár daonlathais. D'iarr teachtaí na Dála ar náisiúin shaora an domhain tacaíocht a thabhairt do Phoblacht na hÉireann, trí stádas náisiúnta na tíre a aithint ag Comhdháil Síochána Pháras. Níor thug an Chomhdháil aitheantas do Phoblacht na hÉireann áfach. Bhunaigh airí na Dála ranna rialtais. Seo thíos na hairí a bhí i gceannas ar na ranna rialtais sin:

| | |
|---|---|
| Éamon de Valera | Uachtarán na chéad Dála |
| Art Ó Gríofa | An tAire Gnóthaí Baile |
| Cathal Brugha | An tAire Cosanta |
| An Cunta Plunkett | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| An Chuntaois Markievicz | An tAire Saothair |
| Eoin MacNéill | An tAire Tionscail |
| Seán Ó Ceallaigh | An tAire Gaeilge |
| Mícheál Ó Coileáin | An tAire Airgeadais |
| Liam T Mac Coscair | An tAire Rialtas Áitiúil |
| Earnán de Blaghd | An tAire Trádála agus Tráchtála |


**An Chuntaois Markievicz**

Samplaí den obair a bhí ar siúl ag an gcéad Dáil ná (i) Bhailigh Mícheál Ó Coileáin airgead chun an tír nua a rith. (ii) Ceapadh toscairí le bheith freagrach as forbairt a dhéanamh ar thrádáil le Meiriceá agus le tíortha na hEorpa. (iii) Bunaíodh córas cúirteanna timpeall na tíre.

Lean an obair seo ar aghaidh, fiú nuair a d'fhógair rialtas na Breataine go raibh cosc ar an Dáil. B'éigean do na hairí bualadh le chéile go rúnda in áiteanna difriúla timpeall Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin. Lean obair na Dála le linn Chogadh na Saoirse.

## Cogadh na Saoirse 1919-1921

**Réamhcheacht:** Ceangail na téarmaí ar chlé leis an leagan Béarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| Constáblacht Ríoga na hÉireann | Auxiliaries |
| Dúchrónaigh | shipyards |
| póilíní cúnta | Black and Tans |
| longchlóis | flying columns |
| treallchogaíocht | Government of Ireland Act |
| an tAcht um Rialú na hÉireann | Royal Irish Constabulary |
| Óglaigh na hÉireann | Irish Republican Army |
| Arm Phoblacht na hÉireann | Irish Volunteers |
| colúin reatha | guerilla warfare |

Thosaigh Cogadh na Saoirse ar an lá a bunaíodh an chéad Dáil. Comhtharlú a bhí ann, cé nár thuig rialtas na Breataine é sin ag an am. Mharaigh Dan Breen agus Seán Treacy (beirt a bhí in Arm Phoblacht na hÉireann) beirt ó Chonstáblacht Ríoga na hÉirean sa tSulchóid Bheag i gContae Thiobraid Árann. D'úsáid Arm Phoblacht na hÉireann (Óglaigh na hÉireann a tugadh orthu roimhe sin) treallchogaíocht. Ba é a bhí i gceist leis sin ná go ndearna siad ionsaí tobann ar an namhaid agus ansin d'éalaigh siad. Níor chaith Arm Phoblacht na hÉireann (APÉ) éide míleata. Bhí APÉ eagraithe ina gcolúin reatha. Ba ghrúpa beag é colún reatha a d'imigh ó áit go háit ag ionsaí fhórsaí na Breataine. Chuir an pobal áitiúil bia agus teach sábháilte ar fáil dóibh. Chun teacht ar ghunnaí don chogadh, d'ionsaigh APÉ beairicí Chonstáblacht Ríoga na hÉireann go rialta agus ghoid siad gunnaí ó na beairicí.

Chuaigh an foréigean in olcas sa bhliain 1920. Chuir Príomh-Aire na Breataine, David Lloyd George, na Dúchrónaigh agus na póilíní cúnta go hÉirinn. Ba shaighdiúirí agus oifigigh airm iad sin, a throid sa Chéad Chogadh Domhanda. Dhírigh an dá ghrúpa ar an bpobal sibhialtach. Dhóigh siad Baile Brigín agus Tuaim, mar shampla. Dódh tithe le Caitlicigh ó thuaidh agus briseadh 7,000 Caitliceach as a bpost sna longchlóis i mBéal Feirste. Dúnmharaíodh Ardmhéara Chorcaí, Tomás Mac Curtáin. Bhunaigh Mícheál Ó Coileáin 'Scuad an Mharaithe'. Ba ghrúpa é a raibh mar aidhm aige ceannairí míleata na Breataine, ar ar tugadh Drong Cairo, a mharú. Mharaigh siad ceithre cheannaire dhéag, ochtar oifigeach faisnéise ina measc. Le tréan díoltais, mharaigh meascán de na Dúchrónaigh agus póilíní cúnta 15 ghnáthdhuine a bhí ag freastal ar chluiche peile i bPáirc an Chrócaigh. Tugtar Domhnach na Fola ar an eachtra. Seachtain ina dhiaidh sin, mharaigh APÉ, faoi cheannas Tom Barry, 17 póilíní cúnta i luíochán i gCill Mhichíl i gContae Chorcaí. Chun díoltas a bhaint amach, chuir na póilíní cúnta lár chathair Chorcaí trí thine go gairid ina dhiaidh sin.

Sa bhliain chéanna, tugadh Acht Um Rialú na hÉireann isteach. Ba é seo an chéad iarracht a rinne rialtas na Breataine deireadh a chur le Cogadh na Saoirse. D'ofráil David Lloyd George rialtas dúchais do na 26 contae agus do Thuaisceart Éireann (na 6 chontae). Den chéad uair, cruthaíodh scoilt ar an oileán a scair 6 chontae ón gcuid eile den tír.

Mar aon leis an bhforéigean a tharla sa tír, chuaigh príosúnaigh chogaidh ar stailceanna ocrais. Fuair Toirdhealbhach Mac Suibhne (Terence MacSwiney), Ardmhéara Chorcaí, bás i bpríosún Brixton tar éis 74 lá ar stailc ocrais. D'úsáid APÉ baghcat i gcoinne ball de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann (CRÉ). De réir a chéile, thréig CRÉ a gcuid beairicí



**Colún Reatha an IRA, thart ar 1921.**

## Foclóir

- **dhóigh siad:** ***they burnt***
- **dódh tithe:** ***houses were burnt***
- **drong Cairo:** ***Cairo gang***
- **oifigeach faisnéise:** ***intelligence officer***
- **tréan díoltais:** ***desire for revenge***
- **luíochán:** ***ambush***
- **Cill Mhichíl:** ***Kilmichael***
- **baghcat:** ***boycott***
- **thréig CRÉ a mbeairicí:** ***the RIC abandoned its barracks***
- **ag dáileadh garchabhrach:** ***providing first aid***



**Cuireadh cathair Chorcaí trí thine.**



**7 Eanáir 1921: Chaith fórsaí na Corónach an bhean seo as a teach, mar dhíoltas as luíochán a rinne an IRA laethanta roimhe sin.**


faoin tuath. Dhiúltaigh oibrithe iarnróid táirgí Briotanacha a iompar. Bhí Cumann na mBan gníomhach ag iompar gunnaí, ag bailiú eolais, ag scaipeadh bolscaireachta, ag cur fear agus gunnaí i bhfolach agus ag dáileadh garchabhrach.



Faoi shamhradh 1921, bhí scileanna míleata APÉ imithe i bhfeabhas go mór ach bhí easpa gunnaí orthu agus bhí go leor acu i bpríosún. Fógraíodh sos cogaidh ar an 11 Iúil 1921.

Má tá tuilleadh eolais uait faoi Chogadh na Saoirse i gContae Chorcaí, is fiú go mór féachaint ar an suíomh seo:

https://www.arcgis.com/apps/MapSeries/index.html?appid=e1bcf01207934c03adafa75940c5efe6




**Slabhra Ceannais:** Seo sampla d'eagrúcháin APÉ, bunaithe ar cheantar Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Bhí APÉ freagrach don Aire Cosanta agus do Dháil Éireann. Ón leabhar 'The War in the West' le Noel Ó Murchú.

### Foclóir

- toscaire/toscairí: *delegates*
- toscaireacht: *delegation*
- stádas tiarnais, níos mó ná rialtas dúchais níos lú ná poblacht: *dominion status*
- port cabhlaigh: *naval base*

## An Conradh Angla-Éireannach 1921




### Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| saorstát | aon | rí | ball | i gcoinne |
| Briotanach | aontachtaí/ aontachtaithe | ríocht | ballraíocht | i bhfabhar |
| poblacht | tiarna | móid | teorainn | deighilt |
| comhlathas | tiarnais | dílis | rialtas dúchais | críoch/críocha |
| stádas | calafort | dílseacht | tromlach | críochdheighilt |
| neamhspleáchas | aontacht | móid dílseachta | olltoghchán | comhréiteach |

Agus sos cogaidh fógartha, tugadh cuireadh don chéad Dáil toscairí a roghnú le cur go Londain le haghaidh cainteanna síochána le toscaireacht Bhriotanach. D'fhreastail Éamon de Valera, mar aon le toscairí eile, ar na cainteanna i Londain i mí Iúil, 1922. Cé gurbh é uachtarán na chéad Dála é de Valera, dhiúltaigh sé freastal ar aon chainteanna eile ina dhiaidh sin. Roghnaíodh toscairí nua le filleadh ar Londain.

## Na Toscaireachtaí

| | |
|---|---|
|  |    |
| Príomhthoscairí na hÉireann: George Gavan Duffy, Micheál Ó Coileáin, Art Ó Gríofa agus Robert Barton | Príomhthoscairí na Breataine: Austen Chamberlain, Winston Churchill agus David Lloyd George, Príomh-Aire. |
| **Ag Teastáil ó Thoscaireacht na hÉireann** | **Ag Teastáil ó Thoscaireacht na Breataine** |
| 1. Poblacht (neamhspleáchas iomlán)<br>2. Tír ina mbeadh 32 contae | 1. Go bhfanfadh Éire laistigh den Chomhlathas Briotanach. Is é sin le rá, go mbeadh Éire neamhspléach ach go mbeadh an Rí fós ina cheann ar an stát.<br>2. Críochdheighilt na hÉireann, na 6 chontae agus an chuid eile d'Éirinn. |

Cé go raibh aidhmeanna difriúla ag an dá thoscaireacht, d'eirigh leo teacht ar chomhréiteach tar éis beagnach dhá mhí de chainteanna. Is iad seo thíos na téarmaí a bhí sa chomhréiteach sin.

**Téarmaí an Chonartha**

1 Thabharfaí ainm nua ar an tír, Saorstát Éireann*.*
2 Bheadh stádas tiarnais ag Saorstát Éireann.
3 D'fhanfadh Saorstát Éireann mar chuid den Chomhlathas Briotanach.
4 Bheadh an rí fós ina cheann ar an stát.
5 Bheadh ar gach Teachta Dála móid dílseachta a ghlacadh.
6 Bheadh 3 phort cabhlaigh ag an mBreatain in Éirinn: Loch Súilí, Cóbh agus Berehaven.
7 D'fhanfadh 6 chontae mar chuid den Ríocht Aontaithe.
8 Bhunófaí Coimisiún na Teorann chun an teorainn idir an tuaisceart agus an deisceart a ath-tharraingt.

Tháinig toscaireacht na hÉireann abhaile chun téarmaí an chonartha a phlé sa Dáil. Seo iad na hargóintí a bhí ann maidir leis na téarmaí.


| Argóintí i bhFabhar an Chonartha ☑ | Argóintí i gCoinne an Chonartha ☒ |
|---|---|
| Bheadh i bhfad níos mó saoirse ag Éirinn le stádas tiarnais ('Saorstát') ná mar a bheadh ag Éirinn le rialtas dúchais. | Ní raibh an Saorstát chomh saor sin mar bhí an rí fós ina cheann ar an stát. |
| Cé nach raibh poblacht i gceist le Saorstát, bheadh sé níos éasca poblacht a bhaint amach ina dhiaidh sin. Chreid Ó Coileáin gur chéim é i dtreo saoirse iomlán, dúirt sé gur thug Saorstát 'freedom to achieve freedom' dúinn. | Ní fhéadfadh Teachtaí Dála a bheith ag iarraidh poblacht a bhaint amach ar lámh amháin, agus ag glacadh móid dílseachta don rí ar an lámh eile. |
| Bhronn an conradh síocháin ar an tír, tar éis breis is 2 bhliain cogaíochta. | Fuair an-chuid Éireannach bás ar son poblachta, agus dá bhrí sin, ní bheadh sé ceart glacadh le haon rud níos lú ná poblacht. |

Tar éis díospóireacht fheargach phaiseanta sa Dáil, tógadh vóta ar an gconradh. Ba é seo an toradh:

| Ina fhabhar ☑ | Ina choinne ☒ |
|---|---|
| 64 vóta | 57 vóta |

Síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921. Tharla olltoghchán i Meitheamh 1922 agus vótáil tromlach de mhuintir na hÉireann ar son polaiteoirí a bhí i bhfabhar an chonartha.

| Ina fhabhar ☑ | Ina choinne ☒ |
|---|---|
| Polaiteoirí ó Shinn Féin i bhfabhar: 58 tofa | Polaiteoirí ó Shinn Féin i gcoinne: 36 tofa |
| Polaiteoirí ó pháirtithe eile i bhfabhar: 34 tofa | |
| Iomlán ina fhabhar: 92 | Iomlán ina choinne: 36 |


...from the date hereof.

18. This instrument shall be submitted forthwith by His Majesty's Government for the approval of Parliament and by the Irish signatories to a meeting summoned for the purpose of the members elected to sit in the House of Commons of Southern Ireland, and if approved shall be ratified by the necessary legislation.

Dec 6th 1921.

On behalf of the British Delegation. On behalf of the Irish Delegation

Birkenhead.

An Conradh Angla-Éireannach, agus sínithe na dtoscairí air.

## Cogadh na gCarad



### Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

| | | |
|---|---|---|
| Cogadh na gCarad | Saorstát | rialta |
| an Cogadh Cathartha | Saorstátaire/Saorstátairí | rialtach/rialtaigh |
| na Ceithre Cúirteanna | Poblachtach/Poblachtaigh | neamhrialtach/neamhrialtaigh |
| Cúige Mumhan | An tArm Náisiúnta | frithchonarthach/frithchonarthaigh |
| treallchogaíocht | sos cogaidh | feallmharú |

## Cúlra

Ba chogadh é an Cogadh Cathartha idir Arm an tSaorstáit, a bhí i bhfabhar an chonartha agus Arm Phoblacht na hÉireann, a bhí i gcoinne an chonartha (frith-Chonartha). Bhí Micheál Ó Coileán, Art Ó Gríofa agus a lucht tacaíochta i bhfabhar an Chonartha Angla-Éireannaigh. Cheapadar gurbh é Saorstát an réiteach ab fhearr a d'fhéadfaí a fháil ag an am. Ní raibh de Valera, Cathal Brugha ná Cumann na mBan sásta glacadh leis an gConradh. Dá leanfaí ar aghaidh ag troid, dar leo, d'fhéadfaí poblacht 32 contae a fháil.

## Cúrsa



**Na Ceithre Cúirteanna faoi ionsaí in 1922.**

Ghabh na Poblachtaigh na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath in Aibreán 1922. Bhagair an Bhreatain go ndéanfadh siad ionsaí ar na Ceithre Cúirteanna mura ndéanfadh arm an tSaorstáit, (an tArm Náisiúnta) ionsaí ar an bhfoirgneamh. Mar gheall air sin, i mí an Mheithimh 1922, d'ordaigh Ó Coileáin go ndéanfaí ionsaí air. Úsáideadh canónacha ón mBreatain chun na Poblachtaigh a bhrú amach. Nuair a buadh orthu i mBaile Átha Cliath, theith na Poblachtaigh go Cúige Mumhan. Tugadh Poblacht na Mumhan ar an gceantar ó chontaetha Luimnigh agus Tiobraid Árann ó dheas, a raibh na Poblachtaigh i gceannas air. Bhí Liam Ó Loingsigh ina cheannaire ar na Poblachtaigh. Tháinig Arm an tSaorstáit go Cúige Mumhan i longa, a tháinig i dtír i gCorcaigh agus i gCiarraí, agus brúdh Poblachtaigh siar ón gcósta.

Fuair Art Ó Gríofa bás le linn an ama sin, de bharr drochshláinte. Duine de na daoine ba mhó cáil a maraíodh ag an am ab ea Mícheál Ó Coileáin. Feallmharaíodh ag Béal na mBláth é nuair a rinne na Poblachtaigh ionsaí air ar an 22 Lúnasa 1922. Bhí Arm an tSaorstáit freagrach as gníomh déistineach ag Bailte Ó Síoda, Trá Lí, Co. Chiarraí. Dúnmharaíodh ochtar príosúnach frith-Chonartha go brúidiúil. Tharla eachtraí uafásacha ar an dá thaobh i rith an chogaidh.

## Críoch

D'úsáid na Poblachtaigh na teaictící céanna a d'úsáid siad i gCogadh na Saoirse – treallchogaíocht. Níor oibrigh an treallchogaíocht sa chogadh seo áfach, mar go raibh an t-eolas tíreolaíoch céanna ag na Saorstátairí.

Bhí an chuid is mó den phobal i bhfabhar an Chonartha. Nuair a fuair Liam Ó Loingsigh bás, tháinig Frank Aiken ina áit mar cheannaire ar na Poblachtaigh. Bheartaigh Frank Aiken, na Poblachtaigh agus de Valera, sos cogaidh a fhógairt. Chríochnaigh an Cogadh Cathartha i mí na Bealtaine 1923.

Téarmaí eile a úsáideadh i bhfoinsí ón am do na Poblachtaigh ná daoine frith-Chonartha agus neamhrialtaigh. Is téarma eile é rialtach/rialtaigh ar Shaortátaire/Shaorstátairí.

## Torthaí

Tharla scoilt i dteaghlaigh agus idir cairde mar gheall ar an gcogadh cathartha. Tugadh Cogadh na gCarad (Cogadh na gCairde) air i nGaeilge. Ní raibh daoine sásta labhairt faoin gcogadh ar feadh i bhfad. Fuair beagnach 1,500 duine bás agus fágadh an saorstát nua bancbhriste. Cailleadh cuid de na ceannairí ba chumasaí a bhí ag an tír ag an am, Ó Coileáin agus Ó Gríofa ina measc. D'ainneoin é sin ar fad, bunaíodh stát daonlathach. D'fhás an dá pháirtí polaitiúla ba mhó in Éirinn as an scoilt (faoin gConradh Angla-Éireannacha 1921) i Sinn Féin (i) Cumann na nGaedheal (tugadh Fine Gael orthu ní ba dhéanaí) ina fhabhar agus (ii) Fianna Fáil ina choinne.

FINE GAEL

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

https://storymaps.arcgis.com/stories/22bd560fa52a4338b4347ad361e15913

Lean an nasc seo agus fiosraigh na mairbh i do cheantar féin i rith an Chogadh Cathartha.

## Mícheál Ó Coileáin




**Teastas Gaeilge a ghnóthaigh Mícheál Ó Coileáin. Fuair sé 84.5% i scrúdú Gaeilge de chuid Chonradh na Gaeilge in 1912.**



**Mícheál Ó Coileáin in 1921.**

**Foclóir**

**Cloch na Coillte:** ***Clonakilty***
**Stiúrthóir faisnéise:** ***director of intelligence***
**Reilig Ghlas Naíon:** ***Glasnevin Cemetery***

- Rugadh Mícheál Ó Coileáin i gCloch na Coillte i gContae Chorcaí in 1890.
- Chuaigh sé ag obair i Londain agus é sé bliana déag d'aois.
- Fad a bhí sé ann, bhain sé ballraíocht amach i gConradh na Gaeilge, i gCumann Lúthchleas Gael agus i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann.
- D'fhill sé ar Éirinn roimh Éirí Amach na Cásca in 1916.
- I rith an Éirí Amach, bhí sé in Ard-Oifig an Phoist le Seosamh Pluincéad.
- Cuireadh i gcampa géibhinn Frongoch é tar éis an éirí amach.
- Toghadh do Shinn Féin é san olltoghchán in 1918.
- Ba é a bhí ina Aire Airgeadais sa Chéad Dáil.
- I rith Chogadh na Saoirse, ba Stiúrthóir Faisnéise é ar Arm Phoblacht na hÉireann, agus bhíodh sé ag eagrú treallchogaíochta.
- Chuaigh sé go Londain i dtoscaireacht na hÉireann chun an Conradh Angla-Éireannach a phlé in 1921.
- Chreid Ó Coileáin gur chéim i dtreo poblachta é an Conradh. Chreid sé gurbh é an socrú ab fhearr é a d'fhéadfaí a fháil ag an am.
- Bhí sé i gceannas ar arm an tSaorstáit i rith Chogadh na gCarad.
- Maraíodh é ag Béal na mBláth, Contae Chorcaí ar an 22 Lúnasa, 1922.
- D'fhreastail 500,000 duine ar a shochraid i mBaile Átha Cliath.
- Tá sé curtha i reilig Ghlas Naíon, i mBaile Átha Cliath.

# Bileog Oibre

## Éirí Amach 1916

**Cuid A:** An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach? Cuir tic sa bhosca cuí agus déan comparáid idir do chuid freagraí agus freagraí do chomhscoláirí.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ba éirí amach é Éirí Amach 1916 a tharla roimh an 20ú haois. | | |
| Bhí an bua ag na hÉireannaigh in Éirí Amach 1916. | | |
| Baineadh saoirse amach do 26 contae de bharr Éirí Amach 1916 | | |
| Fuair Éire poblacht de bharr Éirí Amach 1916 | | |
| Thacaigh formhór mhuintir na hÉireann leis an éirí amach in 1916 nuair a thosaigh sé. | | |
| Ba é Sinn Féin a d'eagraigh Éirí Amach na Cásca. | | |

**Cuid B:** Ag obair le foinsí

**Foinse A:** Seo sliocht as cuntas a scríobh Geraldine Plunkett Dillon, deirfiúr le Joseph Mary Plunkett, faoi bhlianta na réabhlóide do Bhiúro na Staire Míleata i lár an chéid seo caite. https://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/bureau-of-military-history-1913-1921/reels/bmh/BMH.WS0358.pdf

'The Military Council had never, from the start, made their plans on a German invasion, and Casement's obsession about it never seemed reasonable to them, if I am to judge from Joe's expressed views. They were upset at the idea of any last minute changes or discussions of plans. They thought it would be absolutely fatal for the arms to be landed before Sunday, or at least, more than a few hours before then. Lending a large quantity of arms from Germany would have been notice to the English that armed action was intended and such action would have been taken to render the arms useless.

I always thought the Rising would take place in the first week in May as Joe had learned from von Bethmann Hollweg [Seansailéir na Gearmáine] that a German offensive was planned for that time. I was to be married on Easter Sunday, and I was dumbfounded when Tom Dillon got his mobilisation orders on Saturday at 12 o'clock.'

1. Cad é an Chomhairle Mhíleata, a luann Geraldine Dillon in Alt 1?
2. Ainmnigh na daoine a bhí ar an gComhairle Mhíleata.
3. Cén uair a tharlódh an tÉirí Amach, dar le Geraldine Dillion?
4. Scríobhadh an cuntas seo níos mó ná tríocha bliain tar éis na n-imeachtaí a ndéantar cur síos orthu ann. An féidir linn brath ar an eolas atá ann? Mínigh do fhreagra.

**Foinse B:** *East Galway Democrat*, 13 Bealtaine 1916:
'When we come to an analysis of those who have figured as leaders in the 'wicked and insane' movement which has resulted in such loss of human life and such devastation of property in the Irish capital, nothing is more clear and plain to the contemplative mind than that *this was not an Irish Rebellion.*

Not one of those prominently connected with Liberty Hall or the Sinn Féin movement, the unholy combination which has all but wrecked the work of the last thirty-five years of constitutional agitation, has ever given a helping hand to that movement by voice, or pen, or purse.

On the contrary they have done their little best to frustrate the work of the recognised representatives of the Irish people.

Sympathy with them (…) there is none in Ireland today. Pity for their misguided and unfortunate dupes is abundant. (…) Notwithstanding the suffering and misery which their utterly insane action has brought upon the country no one will wish to asperse their memory, but in justice [for] the country it is necessary to show that these men were dreamers and fanatics inspired by socialistic ideas, rather than patriotic Irishmen imbued with a love of country.'

1. An bhfuil comhbhá ag údar an ailt seo le ceannairí na réabhlóide?
2. Cad atá i gceist ag an údar leis na focail seo 'has all but wrecked the work of the last thirty five years of constitutional agitation'?
3. Aimsigh ceithre fhocal dhiúltacha a úsáideann an t-údar chun cur síos a dhéanamh ar cheannairí na réabhlóide.
4. 'This was not an Irish rebellion' – déan taighde ar an gceathrar thíos, chun fianaise a bhailiú a thacaíonn leis an argóint sin: (i) an Chuntaois Markievicz, (ii) Roger Casement, (iii) Pádraig Mac Piarais, (iv) Séamus Ó Conghaile.

**Foinse C:** *An Claidheamh Soluis*, 3 Meitheamh 1916
Ba é seo an chéad eagrán den nuachtán a foilsíodh tar éis an éirí amach. Tá uasdátú agus simpliú déanta ar an litriú sa téacs.


'Is deacair aon rud a scríobh faoi láthair. Deir cara linn gur binn béal ina thost agus is fíor dó an méid sin. Tá an chathair seo, Baile Átha Cliath, bunoscionn agus tá an tír uile mar an gcéanna. Ní féidir an t-aigne a dhíriú ar chúis ar bith. Tá an saighdiúir ina rí sa tír agus a fhad is a bheas sé ina rí, beidh imní agus eagla agus trí chéile ar an bpobal.

Níl eolas cruinn againn fós ar an éirí amach ná ar an gcogadh. Ní heol dúinn céard a déarfas an scéalaí maith, an aimsir, ina thaobh. Ní féidir an scéal go léir agus cúrsaí sheachtain na Cásca a bhreathnú go fóill. Níl an t-eolas againn agus dá mbeadh an t-eolas againn, b'fhéidir nach mbeadh an cead againn gach taobh den scéal a nochtadh.

Tugadh breith an bháis ar chúig fhear déag de na taoisigh agus cuireadh an bhreith i bhfeidhm. Deir na Sasanaigh féin nach cúis náire d'Éirinn an chaoi inar throideadar ná an chuma inar sheasadar os comhair na ngunnaí i ndeireadh na scríbe. Tá a gcrógacht á moladh ag an domhan mór agus pé acu go raibh an ceart acu nó nach raibh, is ábhar misnigh dúinn go bhfuil crógacht agus fearúlacht sa chine seo Gael go fóill.'

1. Cén staid ina bhfuil Baile Átha Cliath agus an chuid eile den tír, dar leis an údar?
2. Cén cogadh atá i gceist in Alt 2?
3. Cén cur síos a thugann an t-údar ar bhás na gceannairí in Alt 3?

**Foinse D:** Is leathanach é seo thíos ó nuachtán Sasanach, *The Graphic,* ó Bhealtaine 1916.



THE SINN FEIN RISING AS IT AFFECTED PEOPLE

*The number of rebels killed at Dublin is not yet known, but over 3000 were captured. The civilians murdered by them total 160, including twenty women. The casualties among the troops are 124 killed, 388 wounded, and 9 missing. Seventeen officers were killed and 46 wounded.*

THE SHOT REBELS: THOMAS MACDONAGH (POET), "MAJOR" MACBRIDE, EDWARD DALY, T. J. CLARKE AND JOSEPH PLUNKETT (POET)

FIREWOOD GATHERERS

*The poor people have ransacked the ruins for firewood, and the disorganisation caused to the postal system by the*

THE IMPROVISED POST-BAG

*destruction of the fine General Post Office —where £10,000 in money was stolen—is being met by all sorts of temporary devices.*

THE REAL SUFFERERS: HUNGRY CHILDREN RECEIVING A DOLE OF BREAD

THE WIDOW'S LOAF

*The rebels' blow struck Ireland rather than England, for the poorest people have suffered acutely from lack of food, which*

THE CHILDREN'S BITE

*is now doled out by soldiers and priests. During the week-end following the rising nearly 100,000 persons received free relief.*


THE PRIEST AS PACIFIER

WOUNDED REBELS UNDER GUARD IN A TEMPORARY HOSPITAL AT THE CASTLE

REBELS UNDER GUARD

1. Cén tionchar a bhí ag na grianghraif seo ar an ngnáthléitheoir sa Bhreatain in 1916, an gceapann tú? Mínigh do fhreagra.
2. Cén léargas a thugtar sna grianghraif ar shaol na ndaoine i mBaile Átha Cliath? Luaigh ceithre phointe eolais agus mínigh iad.
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le grianghraif mar fhoinsí físe? Luaigh, ar a laghad, láidreacht agus laige amháin.
4. Cén fáth a raibh ar shaighdiúrí ó Arm na Breataine fanacht sna hospidéil, meas tú?
5. Tá pictiúir anseo de bheirt a cuireadh chun bháis, agus nár shínigh an forógra – Major MacBride agus Edward Daly. Déan taighde orthu.

**Foinse E:** Féach ar an íomhá thíos agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.




1. Cén teideal atá ar an leabhar seo?
2. Cé a scríobh é?
3. Cad iad na difríochtaí, a luaitear ar chúl an leabhair, idir an seachtar?
4. Tugann an leabhar seo cuntas bríomhar ar ______?
5. Foilsíodh an leabhar seo in éineacht le ______?
6. Cad as ar tháinig na grianghraif don leabhar?
7. Cén post atá ag an údar?
8. Cén saghas oibre a dhéanann sé sa ról sin?
9. Cérbh é Séamus Ó Conghaile, a luaitear sa tríú alt ar chúl an leabhair?
10. An foinse phríomha nó an foinse thánaisteach í an leabhar seo?
11. Téigh chuig seinnteoir TG4. An bhfuil an tsraith 'Seachtar na Cásca' fós le feiceáil ann?

Tá na seacht n-ainm ag bun Fhorógra na Poblachta ar eolas ag an saol, ach ní hé an oiread sin aithne atá againn ar an seachtar féin. Bhí beatha spéisiúil ag gach duine acu i bhfad sula raibh aon chaint ar éirí amach, agus thug siad ar fad tréithe ar leith isteach leo sa troid sin. Bhí difríochtaí maidir le haois, aicme, tuairimí agus eile idir na baill éagsúla den rialtas sealadach a cuireadh ar bun faoi Cháisc 1916. Ach ag teacht ó phointí éagsúla tosaithe trí chríocha éagsúla ar bhealaí éagsúla, rinne seachtar na Cásca a gcion leis an bhfód a sheasamh in aghaidh na héagóra.

Tugann an leabhar seo cuntas bríomhar ar shaol gach duine den seachtar, agus ar an gcaoi ar tháinig siad le chéile i dtreo an éirí amach. Foilsítear é in éineacht leis an tsraith teilifíse *1916: Seachtar na Cásca*, agus tá grianghraif iontacha ón tsraith mar mhaise air.

Is staraí é Aindrias Ó Cathasaigh a scríobh na scripteanna do *1916: Seachtar na Cásca*. Is é údar *An Modh Conghaileach: Cuid sóisialachais Shéamais Uí Chonghaile* é, chomh maith le saothair eile ag plé leis an tréimhse seo.

# Bileog Oibre

## Cogadh na Saoirse

**Cuid A:** Fíor nó Bréagach?

1. Thosaigh Cogadh na Saoirse i mBaile Átha Cliath.
2. Thosaigh Cogadh na Saoirse i mí Eanáir 1916.
3. Thosaigh Cogadh na Saoirse ar an lá a bunaíodh an Chéad Dáil.
4. Níor chaith APÉ aon éide saighdiúra.
5. D'úsáid APÉ treallchogaíocht.
6. Ba cheannaire é Mícheál Ó Coileáin i rith Chogadh na Saoirse.
7. Ba cheannaire é Mícheál Ó Coileáin i rith Éirí Amach na Cásca.
8. Bhí David Lloyd George ina Phríomh-Aire ar an mBreatain ag an am.
9. D'éirigh an cogadh ní ba shíochánta in 1920.
10. Bhí APÉ sásta glacadh le Rialtas Dúchais in 1920.
11. Ba shaighdiúirí agus oifigigh airm iad na Dúchrónaigh agus na póilíní cúnta a throid sa Dara Cogadh Domhanda.
12. Níor tharla Cogadh na Saoirse i dtuaisceart na hÉireann.
13. Ba é an aidhm a bhí ag Scuad an Mharaithe ná ceannairí míleata na Breataine a mharú.
14. Mharaigh fórsaí na Breataine daoine a bhí ag freastal ar chluiche peile i bPáirc an Chrócaigh, mar dhíoltas as marú a gceannairí míleata.
15. Bhí stailceanna ocrais agus baghcat sa chogadh seo.
16. Chríochnaigh Cogadh na Saoirse le bua glan d'APÉ.

**Cuid B:** Cuir na téarmaí agus na pearsana sna colúin chuí le léiriú cé acu taobh ar a raibh na daoine le linn Chogadh na Saoirse.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Arm Phoblacht na hÉireann | David Lloyd George | Tom Barry | Na póilíní cúnta |
| na Dúchrónaigh | Sinn Féin | Dan Breen | Seán Treacy |
| | Scuad an Mharaithe | Mícheál Ó Coileáin | Tomás Mac Curtáin |
| Cumann na mBan | Drong Cairo | Terence McSwiney | Na Colúin Reatha |

| **Taobh na hÉireann** | **Taobh na Breataine** |
|---|---|
| | |

**Cuid C:** Ceangail na téarmaí/ himeachtaí leis na sainmhínithe.

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| 1. D'ionsaigh Dan Breen agus Seán Treacy beairic CRÉ/RIC i Sulchóid Bheag i gCo. Thiobraid Árann an lá áirithe seo. | a. Grúpa beag a d'imigh ó áit go háit ag ionsaí fhórsaí na Breataine. |
| 2. Óglaigh na hÉireann | b. Grúpa a raibh mar aidhm acu ceannairí míleata na Breataine a mharú. |
| 3. Treallchogaíocht | c. Arm Phoblacht na hÉireann |
| 4. Scuad an Mharaithe | d. Na póilíní a chuir dlíthe na Breataine i bhfeidhm in Éirinn. |
| 5. Colúin Reatha | e. Fórsaí Sasanacha a tháinig go hÉirinn tar éis dóibh troid sa Chéad Chogadh Domhanda. Chaitheadar go dona leis an bpobal. |
| 6. An CRÉ/RIC | f. Tháinig an chéad Dáil le chéile ar an lá céanna. |
| 7. Na Dúchrónaigh agus na póilíní cúnta | g. Modh cogaíochta ina ndéantar ionsaí tobann ar an namhaid. |

## Bileog Oibre

### An Conradh Angla-Éireannach

**Cuid A:** Féach ar an liosta daoine a bhí i bhfabhar agus daoine a bhí i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaí. Roghnaigh duine amháin.

- Fiosraigh saol an duine, mar shampla, (i) Cathain a rugadh iad? (ii) Cén aois a bhí siad nuair a síníodh an Conradh? (iii) Cá háit ar rugadh iad?
- Fiosraigh a gcaithimh aimsire: an raibh siad ina mbaill d'eagraíocht, leithéidí Conradh na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael, Léig na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná, Cumann na mBan, Sinn Féin, Fianna Éireann, Óglaigh na hÉireann nó aon eagraíocht eile?
- An ndeachaigh siad ar imirce riamh?
- Cén ról a bhí acu i gCogadh na Saoirse?

| I bhFabhar | | I gCoinne | |
|---|---|---|---|
| Seán Hales | Art Ó Gríofa | Stephen Fuller | Éamon de Valera |
| William T. Cosgrave | Eamonn Duggan | Tom Barry | Seán Lemass |
| Mícheál Ó Coileáin | Robert Barton | Harry Boland | Kathleen Clarke |
| Eoin Mac Néill | Richard Mulcahy | Erskine Robert Childers | Mary MacSwiney |
| Kevin O'Higgins | Louise Gavan Duffy | Rory O'Connor | Cathal Brugha |

**Cuid B:** Samhlaigh gur tusa an duine a roghnaigh tú i gCuid A den cheist. Scríobh litir chuig duine a bhí ar an taobh eile den chonradh.

- I do litir, tabhair beagán cúlra fút féin. Seo sampla chun cabhrú leat '*Mar is eol duit, is breá liom an iománaíocht agus chonaic mé cluiche iontach inné i bPáirc an Chrócaigh. Bhuail mé le Harry Boland ann. Dúirt sé go raibh sé i gcoinne an Chonartha mar atá tú féin. Thosaigh sé ag caint faoi na seanlaethanta nuair a théimis chuig na céilithe a bhí ar siúl ag Conradh na Gaeilge…*
- Ansin abair an bhfuil tú i bhfabhar nó i gcoinne an Chonartha.
- Mínigh na cúiseanna a bhfuil tú i bhfabhar nó i gcoinne an Chonartha. Is féidir nathanna cainte a úsáid, m.sh. *ar thaobh/lámh amháin, ar an taobh/lámh eile, anuas air sin, chomh maith leis sin, ar deireadh, san iomlán, mar is eol duit/do chách.*
- Déan iarracht cur ina luí ar an duine eile a (h)intinn a athrú.
- Cuir críoch le do litir.
- Malartaigh do litir le duine eile sa rang.

## Bileog Oibre

### Cogadh na gCarad

**Cuid A:** Fíor nó Bréagach?

1. Thosaigh Cogadh na gCarad i mBaile Átha Cliath.
2. Thosaigh Cogadh na gCarad i mí Eanáir 1916.
3. Ar an lá a bunaíodh an chéad Dáil, thosaigh Cogadh na gCarad.
4. Thosaigh an chogaíocht ag na Ceithre Cúirteanna.
5. D'úsáid na Poblachtaigh teaictící treallchogaíochta.
6. Ba cheannaire é Mícheál Ó Coileáin ar na Saorstátairí.
7. Ba cheannaire é Liam Ó Loingsigh ar na Poblachtaigh.
8. D'imigh na Poblachtaigh go Cúige Chonnacht nuair a buadh orthu i mBaile Átha Cliath.
9. Is ón tréimhse seo a thagann an téarma 'Poblacht na Mumhan.'
10. D'ionsaigh na Saorstátairí na Poblachtaigh ón aer.
11. Maraíodh Mícheál Ó Coileáin ar an 21 Lúnasa 1922.
12. Tharla eachtraí uafásacha ar an dá thaobh i rith an chogaidh seo.
13. Bhí an chuid is mó den phobal i bhfabhar an Chonartha.
14. D'fhógair na Saorstátairí sos cogaidh.
15. Mhair an cogadh cathartha ní ba lú ná bliain amháin.

**Cuid B:** Cuir na téarmaí agus pearsana thíos sa cholún cuí chun an taobh ar a raibh siad le linn Chogadh na gCarad a léiriú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Saorstátairí | Poblachtaigh | Art Ó Gríofa | Éamon de Valera |
| Liam Ó Loingsigh | Rialtaigh | Mícheál Ó Coileáin | Neamhrialtaigh |
| Cumann na mBan | FrithChonarthaigh | Cathal Brugha | An tArm Náisiúnta |

| I bhFabhar an Chonartha ✔ | I gcoinne an Chonartha ✘ |
|---|---|
| | |

**Cuid C:** Rinne tú taighde ar dhuine amháin ar an liosta seo i gCuid A den cheist.

| Ina fhabhar ✔ | Ina choinne ✘ |
|---|---|
| Seán Hales | Stephen Fuller |
| William T. Cosgrave | Tom Barry |
| Mícheál Ó Coileáin | Harry Boland |
| Eoin Mac Néill | Erskine Robert Childers |
| Kevin O'Higgins | Rory O'Connor |
| Louise Gavan Duffy | Cathal Brugha |
| Richard Mulcahy | Mary MacSwiney |
| Robert Barton | Kathleen Clarke |
| Eamonn Duggan | Seán Lemass |
| Art Ó Gríofa | Éamon de Valera |

Agus an duine céanna agat, faigh amach:

- Cad a tharla don duine sin i rith Chogadh na gCarad.
- Cad a tharla don duine sin i ndiaidh Chogadh na gCarad.



## Bileog Oibre

### Dul Siar

Féach ar an tábla thíos. Roghnaigh dath amháin do gach teideal. Úsáid an dath sin chun na focail a bhaineann leis an teideal sin a dhathú. Tá ceann déanta mar shampla duit.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Aontachtas Uladh | Éirí Amach na Cásca | An Chéad Dáil | Cogadh na Saoirse | An Conradh Angla-Éireannach | Cogadh na gCarad |
| Stádas tiarnais | Ard-Oifig an Phoist | An tSulchóid Bheag, TÁ | Pádraig Mac Piarais | Íobairt fola | Scuad an mharaithe |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na Mumhan | Óglaigh Uladh | Bunreacht | Na Ceithre Cúirteanna | An Conradh agus Cúnant Sollúnta | Na Póilíní Cúnta |
| Óglaigh na hÉireann | Colúin reatha | James Craig | Luan Cásca | An tAire Cosanta Cathal Brugha | An tAire Airgeadais Mícheál Ó Coileáin |
| An mhóid dílseachta | Na Dúchrónaigh | Edward Carson | Fógraíodh saoirse na hÉireann | Arm Phoblacht na hÉireann | Teach an Ardmhéara |
| Saorstát Éireann | Domhnach na Fola | Scuad lámhaigh | Óglaigh na hÉireann | Córas cúirteanna | Comhdháil Síochána Pháras |


**Saighdiúirí ó Arm an tSaorstáit.**